Cé'n ṁaiṫ le Scrúdúċáin

"Aoibinn beaṫa an scoláire, ḃíos ag déanaṁ léinn."

Is beag duine againn naċ raiḃ air dul faoi scrúdú de ṡagas éigin i gcaiṫeaṁ a ṡaoil; óir an túisce a ċuireann an duine óg cos tar táirseaċ na scoile isteaċ don ċéad uair, cuirtear ina luí air gan mórán moille, go ḃfuil sé indán dó, as sin amaċ go dtí deireaḋ a ċúrsa scolaíoċta, ḃeiṫ ag déanaṁ scrúdúċáin ó ḃliain go bliain agus gur mairg dó mura n-éiríonn go maiṫ leis. Cé'n ṁaiṫ atá le scrúdúċáin; ceapaim féin go gcaḃruíonn siad le oideaċas na meánscoile. Tá triṫeaṁ, corrú, dearḃ dúṡlán i scrúlú ar biṫ; go pearsanta, fuair mé iad go léir ins na scrúdúċáin atá déanta agam. An té a ḃaineann amaċ teastas na bunscoile, tá caiġdean oideaċais sroiste aige a ċeadaíonn do dul isteaċ san ṁeánscoil ⁊ tosnú ar an gcúrsa fada de cúig nó sé ḃliana, a ḃíonn le déanaṁ aige, sula ṡroiceann sé ceann cúrsa, annsan scrúdú na h-Árd-Teistiméireaċta. Ḃíonn an iomarca scrúdúċáin aige aċ cad a ṫeaspaineann siad dó. Taispeáneann na scrúduiṫe seo go glan cé'n ċaoi ina ṡeasann sé agus níos fearr fós, cad atá aige. Cinnte gríosaíonn siad sinn iarraċt níos fearr a ḋéanaṁ. Saoṫruíonn siad tionscal, coiṁċeangal idir daltaí agus go leor suailcí eile. Níl sé tar ḃárr dom a rá, go gcaḃruíonn go leor scrúdúċáin agus triail linn ullṁú i gcóir cluiċe móire san saol seo, atá le himirt againn, mar adúirt file uair aṁáin:—"Nuair a ṫiocfar an 'scorer' mór ċun scríoḃ i gcoinne ár n-ainm, ní ḟiafróid sé dínn ar ċailleamar nó ar ḃuamar aċ cé'n ċaoi ina imríomar an cluiċe." Ina ṫeannta sin. naċ dtreoraíonn na scrúdúċáin seo sinn i gcóir rud éigin, go dtí poist agus tuarastal maiṫ san saol seo agus is rud an-ṫáḃaċtaċ é seo ċoṁ maiṫ. Taréis gaċ rud aontóid tú liom gur táḃaċtaċ na rudaí iad, púint, scillingí agus pinginí.

Anseo in Éirinn níl poist táḃaċtaċ an lá atá inniu ann, fiú i Dáil Éireann é féin naċ ḃfuil duine a oibríonn go cruaiḋ ag taisteal, agus cé'n rud atá níos deiṁne a ṫairgeaḋ duine fásta a oibríonn go cruaiḋ, ná an t-oideaċas maiṫ a ḃfuair sé i dtosaċ a ṡaoil, agus é ag ullṁú i gcóir scrúdúċáin ar scoil. Tóg mar sampla an tUaċtarán Éamon de Ḃaléra, naċ ḃfuil sé in uaċtar anois toisc gur oibriġ sé go dúraċtaċ agus é óg. Go cinnte ḃí an druidim ceart aige. Naċ ḃfuil sé féin agus beagnaċ gaċ duine eile níos fearr as, toisc gur suiodar ċun scrúdú.

Ceapann daoine, dá má rud é go gcuireaḋ na scrúdúċáin ar ceal go mbéaḋ suim oiriúnaċ againn, aċ éistigí, dá dtitfeaḋ ár gcaiġdeán eolais tré uireasa scrúdú, cé hiad na daoine a ḃéaḋ tíos aċ ár bpáistí. Sea, b'ḟéidir go ndéanfaḋ tú gáire agus a rá go ḃfuil mé ag féaċaint slí fada ċun cinn.

An gnáṫ duine a ṫéann ċun na meánscoile, bíonn sé de ċuspóir aige oideaċas maiṫ a ḟáil, agus cé'n ċaoi ina ḃfuil sé abálta a ḟáil amaċ an ḃfuil an t-eolas aige aċ tré scrúdúċáin. Is é tuairim na n-eolaiṫe gur deacair do ḋuine taiṫneaṁ is tairḃe a ḃaint as rud ar biṫ má ḃíonn eagla nó imní ag gaḃáil dó agus ní féidir a ṡéanaḋ go gcuireann scrúdúċáin an oireaḋ sin eagla is imní ar ḋaoine áiriṫe go mbíonn siad ċoṁ mór sin ar bís agus a n-aigne is a n-intleaċt trína ċéile, lá an scrúduiṫe, naċ gcuireann siad a mbua ċun soċair ⁊ naċ léiríonn na freagraí a scríoḃann siad ċumas a dtuisceana is a meaḃraċ ná méid an eolais atá tiomsaiṫe acu.

San aois luasa seo, an aois de eolaíoċta d'aimsuiṫe agus de ḃomanna an doṁan di-leanta, tá orainn cuidiú le na gá atá ag teastal san doṁain danarṫa seo níos mó anois ná aon uair roiṁe seo. Anois ná ligimid d'ár n-oileán uaine seo a ḃeiṫ ar gcúl. In ionad ḃeiṫ ag argóint i dtaoḃ fiúntaċta agus dí-fúintaċta an ċóir scrúdúċáin, lig dúinn ḃeiṫ suas agus ag déanaṁ rudaí fiú aṁáin ag déanaṁ scrúdúċáin mar go deiṁin is caḃair ṁaiṫ iad don oideaċas.

D'ainneoin an díċill atá déanta ag na húdaráis oideaċais, áfaċ, ċun córas níos éifeaċtúla ná an scrúdúċáin a aimsiú ċun eolas an ṁicléinn a ṫriail, tá teipṫe orṫu teaċt air, go muige seo.

Dá mba aċṁainn do luċt na linne seo ḃeiṫ ag saoṫrú an léinn ar a ṡon féin, mar a deineaḋ na huaisle agus luċt an raċmais fadó, ba ḃeag an ṁoill orainn deireaḋ a ċur le scrúdúċáin agus naċ aoiḃinn a ḃeaḋ beaṫa an scoláire. aċ ní hamlaiḋ atá an scéal san aois seo na hiomaíoċta agus an ċomórtais, nuair a ṫéann duine le hoideaċais d'ḟonn slí ḃeaṫa a ḃaint amaċ dó féin. Os rud é go mbíonn an tslí ḃeaṫa sin ag braṫ ar ḟeaḃas is ar ċruinneas an eolais a ḃailíonn sé le linn a ċúrsa scolaíoċta, eolas a triailtear tré scrúdúċáin, caiṫfiḋ sé, dá ḋeoin nó dá ainneoin, géilleaḋ don riaċtanas agus ḃeiṫ ullaṁ ċun aġaiḋ a ṫaḃairt ar cibé scrúdúċáin atá in-áirite dó, dá ṁéid ceataí is imní a ḋéanfaḋ siad dó. go dtí go gcinnfear an córás níos fearr ċun eolas a ṫriail.

Clár Ní Loinsiġ, Meánscoil Naofa, Cloċar na Trócaire, Béal Áṫa Liag, Co. Longport.

Timpist agus Cánaca

Ag an Ċúirt Dúiċe i mḂéal an Ṁuirtid an tseaċtain seo caite, cúisíoḋ Laḃras Ó hEalaiġ, Ḃárr na Trá, agus Aoḋ Ó Cearrḃállán Gleann Caisleán, Ḃun na hAḃann, as tiomáint gan ċúram. Ṫug an Gárda Ó Coileáin, fianaise go ndeaċa sé go dtí an áit ar an 24ú lá de ṁí na Nollag, taréis scéala a teaċt go raiḃ taisme ansin. Ċonaic sé gluaisteán treasna an ḃóṫair agus rotar gluaisteán, agus ḃí damáiste déanta den dá peiṫicil. Ṫug sé an dá peiṫicil go stáisiún Ḃéal an Ṁuirtid. Ḃí fuil ar an mbóṫar. Ṫáiniġ Laḃras Ó hEalaiġ isteaċ go dtí an stáisiún ag 7.30 le tuairisc a ṫaḃairt fán taisme, aċ, dúirt sé leis an ġárda naċ raiḃ ḟios aige céard a ṫárla.

Ṫug sé cuairt ar an áit arís, aċ ṫeip air lorg coscáin ar biṫ a ḟáil ar an ḃóṫar.

Ċáin an Giúistís Ó hÉalaiġ £2 as tiomáint gan ċúram agus £2 as bonn caite a ḃeiṫ aige ar a' gluaisteán.

Cáineaḋ Ó Cealḃállán £2 as gan cáin ar biṫ a ḃeiṫ íoċta ar an rotar gluaisteán.

Taoide Barrlán

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
3-7-63	10.00	22.13	9.17	21.30	8.05	20.34
4	10.51	23.05	10.08	22.22	8.55	21.28
5	11.47	——	11.04	23.20	9.49	22.24
6	0.03	12.47	——	12.04	10.46	23.26
7	1.06	13.50	00.23	13.07	11.50	——
8	2.14	14.57	1.31	14.14	0.30	12.57
9	3.22	15.59	2.39	15.16	1.37	14.01

Deontas Bainne agus Ime ar hOileáin

D'inis P. Ó Leaḋlóḃar, T.D., Rúnaí Pairlinminte don Aire Tailte, do M. P. Ó Murċú, T.D., sa Dáil, naċ raiḃ iomlán fiosrú déanta aige fós faoi deontas ar leiṫ a ṫaḃairt do luċt tairgṫe bainne ar na h-Oileáin.

M. P. Ó Murċú — Céard tá ċoṁ deacair insan fiosrú seo? Ṫóg mé an ċeist ar tús roinnt ṁaiṫ blionta ó ṡin, agus cinnte, níl sé do-ḋéanta go ḃféadfaí breiṫ a ṫaḃairt ar an scéal anois. Tá barúil agamsa cé'n fáṫ naċ ḃfuil sé déanta. An ndéarfaiḋ an Rúnaí Pairliminte anois cé'n uair a ḃéarfar breiṫ ar an scéal? Seo é an t-am is mó a ḃfuil soláṫar bainne ann, agus tá sé ana ṫáḃaċtaċ go mbeaḋ breiṫ tugṫa.

An tUasal Ó Leaḋlóḃair — Tuigfiḋ an Teaċta cé go ndealraíonn sé gur ceist réasúnta simplí seo, mar sin féin go ḃfuil oileáin den ċineál seo againn ṫart timpeall an ċósta ⁊ naċ féidir a rá gur cás simplí atá ann, deontas a ṡocrú do oileáin ar leiṫ.

An tUasal Ó Murċú — Ceist náisiúnta atá ann. Níor iarr mé deontas do oileán ar biṫ ar leiṫ.

Dúirt an tAire gur dearnaḋ tairiscint ar costaisí iompar fá ċoinne an bainne a iompar ó n-a h-Oileáin go dtí Uaċtarlainne ar tír mór in aice leo. Dealraíonn sé naċ ḃfuil luċt na n-oileán sásta gur leor an tairiscint. Tá an tAire, san am i láṫair, ag meas an féidir leis scéim a ṗleanáil fána ċoinne.

An tUasal Ó Murċú: Naċ n-aontóḋ an Rúnaí Pairliminte de ṫairḃe Oileán Cléire agus Shercin, go mbeaḋ sé neaṁeacnamiciúil ar fad bainne a ṫaḃairt óna h-oileáin sin go dtí Uaċtarlanna ar tír mór? B'ḟearr i ḃfad go dtaḃarfaiḋ deontas do luċt tairgṫe ime ar na h-oileáin.

An tUasal Ó Leaḋlóḃair: Tá an t-Aire ag taḃairt aire don scéal.

An tUasal Mac Eoċaiḋ—Beiḋ freagra againn gan ṁoill.

An tUasal Ó Murċú: Cuirfiḋ mé ceist eile ar an Aire i gceann trí seaċtainí.

Leictreaċas do Loċar a' Ṫoirc

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ P. Ó Doṁnaill, T.D., don Aire Iompar ⁊ Cuṁaċta, do ḟonn an Ġaeltaċt a ċaoṁnú. an ordóḋ sé go ndéanfaí canḃas láiṫreaċ de ceantar Loċar a' Ṫoirc, i ndúṫaiġ Ġleann Ċolmcille, i nDún na nGall le h-aġaiḋ leictreaċas a ṫaḃairt don ċeantar.

D'ḟreagair an tUasal Childers, Aire Iompar agus Cuṁaċta: Deir Ḃord Soláṫar an Leictreaċais liom go ḃfuil Loċar a' Ṫoirc suiṫe i gceantar tuaiṫe Ġleann Ċolmcille, a dearnaḋ forbairt air ar tús faoi scéim leictreaċas na tuaiṫe in 1954-55. Faoi an aṫ-ṗleanáil atá acu, tá sé measta aṫ-ċanḃas a ḋéanaṁ ar an ċeantar seo i mí Aibreán seo ċugainn. Ċuirfí isteaċ ar an clár oibre atá acu dá ndéanfaí ceantar ar biṫ amaċ as a ṫoil.

Gairmscoil Nua

D'inis an tAire Oideaċais do R. Ó Maolḋia, sa Dáil. gur ċuir Roinn an Oideaċas scéala ċuig Coiste Gairm-Oideaċas na Gaillime, ag taḃairt údarás fá ċoinne na dréaċt - ṗleanánna do Gairm-Scoil nua ag Corrundulla, aċ naċ dtiocfaḋ leis a rá cé'n uair a ṫosnófaí ar an obair.

Cláro Radio

Dé hAoine—5.1, Children at the Microphone. 5.30, A Little Princess. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.30, News. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Bandstand. 8.1, The Minstrels of Roisin Dubh. 8.15, Melody From Munster. 8.45, Stoirm agus Seipeal. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Around the Town.

Dé Sathairn—5.1, Tunes on the Cordovox. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Folk and Anti-Folk. 7.45, Choirs from the Cork International Choral Festival 1965. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, The R-E-L-O Show. 9.45, Dick Haymes Sings. 10.30, Ceili House. 11.35, A Little Night Music.

Dé Domhnaigh—10.25, Weather Forecast. 10.30, High Mass. 11.30, Service of Morning Prayer. 12.30, Survey. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.45, Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.25, G.A.A. Munster Senior Hurling Championship: Cork v. Waterford. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Anything Goes. 8.0, Public and Private Faces. 8.30, National Football League Final: Second Leg. New York v. Galway. 10.0, Newspoint. 10.20, News. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital.

Dé Luan — 5.01, Out of Doors. 5.15, Records For Children. 5.30, A Little Princess. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, What Are They Talking About? **Athlone Wavelength:** 8.0, News Headlines. 8.1, Out of the World. 8.15, International Athletics. 8.45, Modern Anthology. 9.0, News Headlines. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. **Dublin & Cork Wavelengths:** 8.0, Opera: Il Seraglio. **Al Wavelengths:** 10.0, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Ceili Music from Munster. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart — 5.01, Songs With Guitar. 5.15, Tammy Troot's Busy Day. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Smile and the Tear. 8.1, A Woman's World. 8.30, The Famous Cases of Doctor Thorndyke. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Mostly Traditional.

Dé Ceadaoin — 5.01, Hanfred and Bifflegodget. 5.15, Records For Children. 5.30, Birthday Time. 5.45, How Does Your Garden Grow? 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements. Cattle Market Report. 6.45, Take the Floor in Belfast. 7.30, Phil Harris. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, Irish Chamber Orchestra. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, The People Are Singing. 11.0, Pop Call.

Deardaoin — 5.01, Eachtrai Learai Laidir. 5.15, Amhrain Leis an gCruit. 5.30, Garret Mor. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's The Doctor. 6.45, What Are They Talking About? 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Parliament na mBan. 8.1, String Song. 8.30, Between Ourselves. 9.1, On the Road with George Burrows. 9.15, Half in Jest. 9.45, Na hUdair Fein Ag Caint. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Recital.

Baile Múirne

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Dónal Creed, T.D., den Aire Iompar ⁊ Cuṁaċta, caṫain a ḃéarfaí an leictreaċas do na daoine atá na gcónaí in Sliaḃ Riaċ, Baile Ṁúirne agus Díreaċ, Rinn na Rí, Má Crombṫa, Co. Ċorcaí. D'ḟreagair an tUasal Childers, Aire Iompair agus Cuṁaċta, go raiḃ scéala aige ó Ḃord Soláṫair an Leictreaċais, go raiḃ na bailte fearann seo i gceantar tuaiṫe Baile Ṁúirne, ar tógaḋ leictreaċas do in 1958. Ḃí sé i gceist aṫ-ċanḃasáil a ḋéanaṁ faoi na pleanánna nua, timpeall deireaḋ na bliana 1966. Ḃeifí i dteangṁáil leis na tiṫe naċ ḃfuair leictreaċas roiṁe, le linn an aṫ-ċanḃasáil seo, agus ḃéarfaí na téarmaí ab' fearr ab' féidir dóiḃ. Dá ndéantaí aṫ-ċanḃásail ar an ċeantar seo, nó aon ċeantar eile, taoḃ amuiġ den ṗlean, ċuirfí breis costais ar an Ḃord.

Oifigí Talṁaíoċta

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Pádraic Ó Doṁnaill, T.D., do Aire na Gaeltaċta, d'ḟonn dlúṫas a ċur le riarú na scéimeanna talṁaíoċta ins na ceantair Gaeltaċta ⁊ na ceantair cúnga, an ndéanfaḋ sé réiteaċ le tuilleaḋ feidmeannaiġ paráiste a ċeapaḋ ins na ceantair seo.

D'ḟreagair Miċeál Ó Mónáin, T.D., Aire na Gaeltaċta — Táim i gcoṁairle leis an Aire Talṁaíoċta faoi an gceist seo.

Coṁġairdeaċas do Ṡeanadóirí

Ḃí cruinniú mór i mBealaċ Féiċ an tseaċtain seo caite, ag fáiltiú na ḃaile roiṁ an Seanadóir P. Mac Gaḃann, taréis a ṫogaḋ mar Ṡeanadóir.

Ḃí Séamas Ó Gríḟín, Carraiġ Mac Craṫaċ, i gceannas an ċruinniṫe, agus ar na daoine a laḃair. bí Niall T. Ó Bléine, Aire Rialtas Áitiúil, Seosaṁ Ó Ḃraonáin, Aire Poist agus Telegrafa, Cormac Ó Ḃreisleáin, Leas Ċeann - Coṁairle, An Seanadóir Mac Loinsiġ, agus an Seanadóir Mac Gaḃann, féin. I mḂéarla ar fad a ḃí an cruinniú.

Ṫug an Seanadóir Mac Loinsiġ agus Mac Gaḃann, buíoċas do na daoine a ċaḃraiġ leo, insan toġaċán don tSeanad,. agus go h-áiṫrid do Coṁairleoirí Contae Dún na nGall.

An tseaċtain céanna, ḃí dinnéar mór coṁġáirdeaċas insan Óstán Drumbeg ó ṁuintir paráiste Dúnċeannaoile, in onóir an Aire Poist agus Telegrafa nua, ar a ċeapaḋ.

Bronnaḋ rug de ḋéantús na gCealla Beaga, ar an Aire, mar ċoṁarṫa measa.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill. Clóbhualadh.